An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**
Commission for
**Communications Regulation**

## Preasráiteas ComReg 7 Meán Fómhair 2023

# Phríomhthuairisc Ráithiúil Sonraí ar an Margadh Cumarsáide Leictreonaí (R2 2023)

Inniu, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a Phríomhthuairisc Ráithiúil Sonraí ar an margadh Cumarsáide Leictreonach don tréimhse (1 Aibreán go dtí 30 Meitheamh), R2 2023.

Mhéadaigh línte síntiúsóirí leathanbhanda go 1.62 milliún, méadú 0.3% an ráithe seo agus méadú 1.7% é sin i gcomparáid le R2 2022. Ina measc seo, bhí 576,856 ina gcáblaí snáthoptaice díreach chuig an áras (FTTP) agus b'ionann sin agus 35.6% de na línte síntiúsóirí leathanbhanda seasta iomlána i Ráithe 2 2023, méadú ó 27% in R2 2022. Is é FTTP an teicneolaíocht leathanbhanda is coitianta a cheannaítear in Éirinn.

Ar bhonn míosúil, d'úsáid meánlíne síntiúsóirí leathanbhanda cónaithe sheasta 384.7 GB de shonraí, méadú 11.7% ó R2 2022.

I R2 2023, bhí leathanbhanda ceannaithe ag thart ar 37% de línte síntiúsóirí leathanbhanda le luasanna le 500Mbps nó níos airde ná sin agus ceannaíonn 9.5% luasanna leathanbhanda de 1Gbps no níos tapúla. As na línte síntiúsóirí 576,856 FTTP, ag 75.7% acu tá luasanna leathanbhanda de 500 Mbps nó níos airde.

Tháinig laghdú 5.7% ar fhaid iomlán na nglaoch gutháin an ráithe seo, agus iad 24.3% níos ísle ná i R2 2022. Is ionann na glaochanna gutháin agus tromlach na nglaochanna (88.5%), agus is ionann glaochanna tréimhse ama socraithe agus an 11.5% eile.

Ar bhonn míosúil, d'úsáid gnáthshínitheoir gutha gutháin 145 nóiméad (laghdú bliantúil 26.6%), sheol sé 31 téacs (laghdú bliantúil 14.4%) agus d'úsáid sé 13.6GB sonraí (méadú bliantúil 8.6%).

Mhéadaigh líon iomlán lucht na síntiús gutháin (lena n-áirítear leathanbhanda an ghutháin póca agus meaisín go meaisín (M2M)) go 9.2 milliún i R2 2023 – de bharr méadú ar shíntiúis iar-cheannaithe arb ionann é anois agus 74% de na síntiúis ghutháin go léir. Mhéadaigh síntiúsóirí 5G go 1.28 milliún i R2 2023, méadú 80% ó Q2 2022.

Mhéadaigh síntiúis M2M go 3.2 milliún, méadú bliantúil de 30% agus b'ionann é sin agus 35% de na síntiúis ghutháin go léir i R2 2023.

Tá an Phríomhthuairisc Ráithiúil Sonraí do R2 2023 ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg www.comreg.ie/publications. Tá an tairseach sonraí ina bhfuil an tacar iomlán sonraí agus na cairteacha gaolmhara ar fáil ar https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/

**CRÍOCH**

**Eisithe ag**

**Tom Butler Bainisteoir**
**Gnóthaí Poiblí, ComReg**

**Teil: 01 8049639** **Fón Póca: 087 2536358** **tom.butler@comreg.ie**